

Tá sé mar aidhm ag CervicalCheck an líon cásanna ailse ceirbheacs a laghdú

Gealltanais scagthástála

- Tairgeann CervicalCheck scagthástáil ceirbheacs saor in aisce do gach bean idir 25 bliana d'aois agus 60 bliana d'aois
- Is féidir leat an dochtúir nó an t-altra cláraithe ar a bhfreastalóidh tú a roghnú
- Is féidir leat do rogha dochtúra nó altra a athrú do choinní scagthástála CervicalCheck ina dhiaidh sin
- Más rud é go bhfuil riachtanais speisialta agat agus go dteastaíonn cúnaimh uait chun an clár a rochtain, tabharfaidh CervicalCheck tacaíocht duit déanamh amhlaidh
- Seolfar an sampla ó do scagthástáil chuig saotharlann chreidiúnaithe atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de
- Seolfaidh CervicalCheck litir chugat nuair a bheidh an toradh ar do scagthástáil ar fáil ó do dhochtúir nó ó d'altra. I bhformhór na gcásanna, bíonn an toradh sin ar fáil laistigh de cheithre seachtaine ó dháta do scagthástála
- Más normálta atá an toradh, tabharfar cuireadh duit freastal ar scagthástáil nuair a bhíonn do chéad tástáil eile dlite
- Má mholtar go ndéanfaí tástálacha leantacha ort, tairgfear na tástálacha sin saor in aisce duit
- Má mholtar go ndéanfaí imscrúdú breise ort, tairgfear coinne saor in aisce duit ag clinic colpascópachta de chuid an chláir. I bhformhór na gcásanna, beidh an choinne sin ar siúl laistigh de thréimhse dhá mhí
- Tabharfaidh gach ball foirne de chuid CervicalCheck meas ar do phríobháideacht, ar do dhínit, ar do reiligiún, ar do chine agus ar do chreidimh chultúrtha
- Is go hiomlán faoi rún agus de réir na reachtaíochta um chosaint leanaí a chaithfear le do thaifid scagthástála.

Bealaí inar féidir leat cabhrú linn

- Seiceáil go bhfuil tú cláraithe le CervicalCheck
- Léigh an fhaisnéis faoi scagthástáil ceirbheacs agus faoi na tairbhí agus faoi na laigí a bhaineann léi. Tá an fhaisnéis sin tábhachtach toisc go n-iarrfar ort do thoiliú feasach a thabhairt chun páirt a ghlacadh i gclár CervicalCheck
- Déan coinne le dochtúir nó le haltra cláraithe nuair a bhíonn do thástáil smearaidh dlite
- Chun cabhrú linn do choinne scagthástála a éascú, cuir in iúl dúinn más rud é go dteastaíonn aon chúnaimh sonrach uait nó go bhfuil aon riachtanais speisialta agat
- Más féidir leat d'uimhir PSP a thabhairt dúinn ag do choinne, cabhrófar linn do thaifead a shainaithint ar an gclár scagthástála
- Cuir in iúl dúinn más rud é go bhfuil aon athrú ann ar do shloinne nó ar do sheoladh nó go bhfuil tú ag bogadh chuig tír eile.

Is féidir leat do thuairimí a chur in iúl dúinn i ngach cás

- Tá do thuairimí tábhachtach dúinn maidir le cabhrú linn faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá ár seirbhísí agus maidir le feabhas a chur ar na seirbhísí sin.

Saorghlao: 1800 45 45 55
Ríomhphost: info@cervicalcheck.ie
Suíomh Gréasáin: www.cervicalcheck.ie

